www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2012

# Irish

## Unit 3: Listening
## Higher Tier

**[GIR32]**

**WEDNESDAY 16 MAY, MORNING**

# TRANSCRIPT

Each piece heard twice unless otherwise stated on transcript

Audio “beep” to precede each question

Five second pauses unless otherwise stated on transcript

www.xtrapapers.com

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Secondary Education, 2012
Irish, Unit 3, Listening, Higher Tier

Read each question carefully, listen to the recording and write your answer in the space provided. You will hear each section twice. You will hear question nine for a third and final time.

1 Listen to this health advice.

– Is mise Pól agus is dochtúir mé. (Pause 2 seconds) Bí sláintiúil. Ith glasraí agus torthaí gach lá.

*Pause*

– Ól dhá líotar uisce gach lá. Ná hól barraíocht alcóil. Níl sé maith duit.

2 Listen to this conversation.

– Dia duit, a Odhráin. Cad é mar atá tú?

– Dia's Muire duit, a Mháire. Tá mé go maith, go raibh maith agat.

– Chuala mé go bhfuil ticéad agat don cheolchoirm oíche Aoine.

– Tá. Fuair mé ticéad do mo bhreithlá ach ní féidir liom dul ann.

*Pause*

– Is trua sin. Cad chuige nach féidir leat dul ann?

– Beidh oíche mhór ar siúl sa chlub óige oíche Aoine. Beidh comórtas peile ann. Beidh mise ag imirt ar fhoireann an chlub óige. Caithfidh mé bheith ann.

*Pause*

– Cad é a dhéanfaidh tú leis an ticéad ceolchoirme?

– Díolfaidh mé an ticéad.

www.xtrapapers.com

– Cá mhéad a bhí air?

– Bhí cúig phunt agus fiche air.

*Pause*

– Ar mhaith leat é a cheannach?

– Níor mhaith. Níl airgead agam ach beidh mo chol ceathrair ábalta cuidiú leat ansin. Tá sí ag obair in oifig na dticéad. Tá sí deas cairdiúil. Cuir scairt uirthi.

3 Listen to this conversation.

– Nollaig Shona duit, a Phóilín. Cad é mar atá tú?

– Tá mé go breá go raibh maith agat ach tá mé píosa beag fuar.

*Pause*

– An bhfuil tú ag dul chuig an dioscó sa halla anocht?

– Níl.

– Cad chuige nach bhfuil tú ag dul? Beidh an dioscó maith mar tá na cailíní uilig ag dul ann.

– Caithfidh mé dul ar cuairt chuig mo sheanathair. Tá sé leis féin agus ba mhaith liom cuidiú leis.

*Pause*

– Cad é dhéanfaidh tú dó?

– Cheannaigh mé crann Nollag dó agus ba mhaith liom é a chur suas dó anocht.

*Pause*

– Maith thú. Beidh do sheanathair iontach sásta.

– Cuirfidh mé soilse air. Beidh sé go hálainn.

www.xtrapapers.com

4 Antain talks about his holidays.

Is mise Antain Ó Fearaigh. Chuaigh mé ar laethanta saoire anuraidh le mo chara, Rónán. (Pause 5 seconds)
Chuaigh muid go dtí an Fhrainc.
Chaith muid coicís i bPáras agus shíl mé go raibh sé iontach suimiúil. (Pause 5 seconds)
Níl Fraincis ar bith agamsa ach tá Fraincis an–mhaith ag Rónán.
An chéad oíche d'ith muid béile i mbialann sa chathair. Bhí an bia blasta ach bhí sé iontach daor. (Pause 5 seconds)
Gach lá ina dhiaidh sin cheannaigh muid bia sa mhargadh áitiúil agus ní raibh sé costasach.
Thaitin na laethanta saoire go mór liom agus ba mhaith liom dul ar ais.

5 Pádraig talks about Belfast.

– A Phádraig, tá a fhios agam go bhfuil tusa i do chónaí i mBéal Feirste. Inis dom cad é mar atá Béal Feirste mar áit turasóireachta.

– An-mhaith ar fad. Tagann na mílte turasóir go Béal Feirste gach bliain. Tagann an chuid is mó acu sa samhradh.

*Pause*

– Tá sin an-suimiúil, ní raibh a fhios agam sin. Cén sórt rudaí a dhéanann siad?

– De ghnáth is maith leo an chathair a fheiceáil. Bíonn fonn orthu turas bus a dhéanamh thart ar an chathair. Níl sé costasach.

*Pause*

– Cad chuige a dtagann siad go Béal Feirste?

– Tagann siad go Béal Feirste mar bíonn a lán rudaí ar siúl sa chathair i gcónaí. (Pause 2 seconds) Taitníonn cultúr na háite leis na cuairteoirí. (Pause 2 seconds) Cuireann siad suim go háirithe sna himeachtaí cultúrtha.

*Pause*

– Tá na turasóirí maith do Bhéal Feirste. Bíonn lóistín de dhíth orthu agus caitheann siad a lán airgid sna siopaí. (Pause 2 seconds)
Ar ndóigh, cuireann sin áthas ar mhuintir Bhéal Feirste.

www.xtrapapers.com

6 Úna talks about what she has to do.

– Cad é mar atá tú inniu, a Úna?

– Tá mé ceart go leor ach tá mé neirbhíseach.

*Pause*

– Cad chuige?

– Chuir mé isteach ar phost páirtaimseartha in Óstán na Páirce mar tá an t-airgead de dhíth orm. Tá mé neirbhíseach mar beidh mé ag dul faoi agallamh amárach agus ní maith liom agallaimh.

*Pause*

– Ná bí buartha. Beidh tú ceart go leor.

– Níl a fhios agam. Níl móran ama agam agus tá a lán le déanamh agam go fóill.

– Cad é atá le déanamh agat?

– Caithfidh mé culaith nua a cheannach. Níl culaith dheas ar bith agam.

*Pause*

– Agus an bhfuil tú réidh do na ceisteanna?

– Níl ar chor ar bith. Caithfidh mé suí síos anocht agus freagraí a ullmhú.

– Tá mé cinnte go mbeidh tú ceart go leor. Ádh mór ort, san agallamh, mar sin.

www.xtrapapers.com

7 Listen to the radio announcement.

– Agus tá fógra anseo ó na gardaí faoi rud a tharla inné. Tá cuidiú de dhíth orthu. Ghoid duine éigin mála dubh as carr dochtúra. (Pause 2 seconds) Bhí drugaí sa mhála agus tá siad contúirteach.

*Pause*

Carr gorm den déanamh Toyota a bhí ann. (Pause 2 seconds) Bhí sé páirceáilte sa charrchlós in aice leis an ionad sláinte ar imeall an bhaile. (Pause 2 seconds) Bhí a lán daoine ansin inné.

*Pause*

Bhí tiománaí an chairr istigh san ionad sláinte ag an am. (Pause 2 seconds) Bhí sé ag ithe lóin. (Pause 2 seconds) Nuair a tháinig sé amach ní raibh an mála sa charr. (Pause 2 seconds) Má tá eolas ar bith agat faoi seo cuir scairt ar na gardaí láithreach.

8 Áine talks about her Friday night out.

– A Áine, cad é mar a bhí an deireadh seachtaine?

– Bhí sé go maith. Bhí mé i mBaile Átha Cliath don deireadh seachtaine. Chuaigh mé chuig ceoldráma oíche Aoine.

*Pause*

– Cá háit a raibh an ceoldráma?

– Bhí sé san amharclann nua i lár na cathrach. Tá sí an-mhór nua-aimseartha agus tá sí go hálainn ar fad. Caithfidh tú an amharclann a fheiceáil.

*Pause*

– Cad é mar a bhí an ceoldráma féin?

– Bhí na hamhráin an-deas agus thaitin siad go mór liom. Níor thaitin an t-atmaisféar liom mar ní raibh ach scaifte beag ansin.

*Pause*

– Agus cé a chuaigh leat?

– Chuaigh mé le mo chomharsa. Bhí sise ag tiomáint. Ní maith liomsa tiomáint i mBaile Átha Cliath.

www.xtrapapers.com

9 Listen to Paul talking about work experience.

– Bhí tú amuigh ar thaithí oibre inné, a Phóil. Cá ndeachaigh tú?

– Chuaigh mé chuig oifig m'athar. Tá sé suite in aice linn.

*Pause*

– Cad é a shíl tú den lá?

– Bhí sé an-úsáideach ar fad. Chuidigh sé go mór liom. Ba mhaith liom cúpla lá eile a chaitheamh san oifig.

*Pause*

– Cén sórt rudaí a rinne tú ansin?

– Bhí seans agam labhairt leis na hoibrithe eile.

– An bhfuil a lán oibrithe eile san oifig?

– Tá triúr. Tá siad óg agus tá an-suim acu san obair.

*Pause*

– An raibh siad cairdiúil?

– Bhí. Bhí siad iontach cairdiúil. Chaith siad cuid mhór ama liom. Fuair mé comhairle agus cuidiú agus bhí mé iontach sásta ar fad.

*Pause*

– An bhfuil a fhios agat anois cad é ba mhaith leat a dhéanamh nuair a fhágfaidh tú an scoil?

– Tá, anois. Is cuntasóir m'athair agus ba mhaith liom féin bheith i mo chuntasóir chomh maith.

*Pause*

– Is post maith é sin.

– Tá an ceart agat. Is post maith é cinnte ach is doiligh obair a fháil in Éirinn. Beidh orm dul thar lear. Ní bheidh post ar bith ar fáil in oifig m'athar.

This is the end of the recording.